**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/1173 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 13 Márta 2024**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le roinnt forálacha i ndiaidh an chomhaontaithe saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn agus forálacha atá imithe i léig a scriosadh a mhéid a bhaineann le taraif-chuóta onnmhairiúcháin le haghaidh púdar bainne**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 186 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 ón gCoimisiún ([2]), déantar forlíonadh ar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a mhéid a bhaineann leis na rialacha maidir le riar na dtaraif-chuótaí ar allmhairí agus ar onnmhairí le haghaidh táirgí talmhaíochta faoi réir ceadúnas.

(2) Tá forálacha i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 a mhéid a bhaineann le taraif-chuóta onnmhairiúcháin le haghaidh púdar bainne a d’oscail an Phoblacht Dhoiminiceach. Baineadh an cuóta onnmhairiúcháin sin de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún ([3]) le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/953 ón gCoimisiún ([4]). Dá bhrí sin, ba cheart na forálacha maidir leis an gcuóta onnmhairiúcháin sin i Rialachán (AE) 2020/760 a scriosadh.

(3) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2024/244 ón gComhairle ([5]), tugadh an Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn (‘an Comhaontú’) i gcrích an 27 Samhain 2023.

(4) Leis an gComhaontú leasaítear na taraif-chuótaí a bhfuil na sraithuimhreacha 09.4182 agus 09.4195 acu, agus tugtar isteach deimhniú incháilitheachta a bheidh le heisiúint ag an Nua-Shéalainn. Ba cheart na hathruithe sin a léiriú i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 a leasú dá réir sin,

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na rialacha maidir le riar taraif-chuótaí ar allmhairí agus onnmhairí atá faoi réir ceadúnas agus lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hurrúis a thaisceadh agus taraif-chuótaí á riar (IO L 185, 12.6.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/760/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1306/2013, (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le córas bainistíochta na dtaraif-chuótaí le ceadúnais (IO L 185, 12.6.2020, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/761/oj).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/953 ón gCoimisiún an 12 Bealtaine 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 a mhéid a bhaineann leis na rialacha lena rialaítear an taraif-chuóta chun púdar bainne a onnmhairiú chuig an bPoblacht Dhoiminiceach (IO L 128, 15.5.2023, lch. 81, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/953/oj).

([5]) Cinneadh (AE) 2024/244 ón gComhairle an 27 Samhain 2023 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn (IO L, 2024/244, 28.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/244/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760**

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 mar a leanas:

(1) in Airteagal 4, scriostar pointe (c);

(2) in Airteagal 8(2), scriostar pointí (c), (e) agus (f);

(3) in Airteagal 17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g):

‘(g) i gcás taraif-chuótaí ar allmhairí arna riar le doiciméid arna n-eisiúint ag tríú tíortha, le haghaidh gach deimhniú barántúlachta, deimhniú ar Shocrú Faireacháin Isteach (‘IMA 1’), nó deimhniú incháilitheachta dá dtagraítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 arna dtaisceadh ag oibreoir, an líon ceadúnas comhfhreagrach arna n-eisiúint agus na cainníochtaí a chumhdaítear.’.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Bealtaine 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Márta 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN